

TG4

# Ard-Stiúrthóir



**Is é TG4 (Cúla4 san áireamh) an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge. Bunaithe agus maoinithe ag an Rialtas, faigheann TG4 ioncam breise tráchtála trí fhógraíocht agus urraíocht. Tá an cainéal teilifíse ar fáil ar gach ardán craolta ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain ar an Idirlíon. Foilsitheoir/craoltóir is ea é a dhéanann an chuid is mó dá chláir a choimisiúnú ó chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Is é an tAire Turasóireachta, Cumarsáide, Ealaíon, Spóirt, Gaeltachta agus Meán a cheapann Bord TG4. Tá ceanncheathrú TG4 agus Cúla4 ag Baile na hAbhann i nGaeltacht Chonamara. Tá an buiséad bliantúil thart ar €60M agus breis is 100 san fhoireann lánaimseartha. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus Cúla4.**

Freagraíonn an tArd-Stiúrthóir don Bhord agus í/é i gceannas TG4 ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Beidh an tArd-Stiúrthóir lonnaithe sa gceanncháras agus í/é freagrach as gach gné den oibríocht, lena n-áirítear, ach ní hamháin, airgeadas, ábhar, sceidealú clár, gnóthaí tráchtála, teicneolaíocht, gnóthaí corparáideacha agus acmhainní daonna. Beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach as gach gné de pholasaithe agus de straitéis na seirbhíse a maoirsiú agus a chur i bhfeidhm. Post ar chonradh seasta 7 mbliana é seo.

**Beidh na nithe seo a leanas ag an té a cheapfar:**

- Taithí chruthaithe ar spriocanna a bhaint amach ag leibhéal sinsearach, an fhís, an cheannaireacht agus na scileanna bainistíochta is gá mar aon le cumas nuálach smaointeoireachta a bheith léirithe
- Ar a laghad 5 bliana de thaithí ardbhainistíochta in earnálacha na craoltóireachta, léiriúcháin teilifíse, na meán, na cumarsáide nó in earnáil ghaolmhar
- Ardchumas Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa
- Cáilíocht acadúil tríú leibhéal
- Ba bhuntáiste d'iarrthóir eolas a bheith aici/aige ar ábhar, sceidealú nó teicneolaíocht na teilifíse.

Ní foláir d'iarrthóirí an fhoirm iarratais ar-líne a líonadh amach agus CV cuimsitheach a sholáthar leis mar aon le litir ghearr chlúdaigh. Tá breis eolais faoin bpróiseas iarratais ar fáil ag www.sigmar.ie/TG4. Is féidir comhrá faoi dhiscréid a dhéanamh le Roger Duffy nó Lauryn Ní Fhlannagáin ag +353 91 455306 nó ar r-phost ag TG4@sigmar.ie

***Is é 5.00pm Dé hAoine 27 Meán Fómhair 2024 an spriocdháta d'iarratais.***
***Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus is í an Ghaeilge an teanga oibre.***

**www.sigmarrecruitment.com/TG4**

Sigmar Recruitment